Ceist i gcomhair freagra i scríbhinn E-004413/2021
ar an gCoimisiún
Riail 138
Grace O'Sullivan (Verts/ALE), **Ciarán Cuffe** (Verts/ALE), **Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Jutta Paulus** (Verts/ALE), **Thomas Waitz** (Verts/ALE), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Rosa D'Amato** (Verts/ALE), **Sylwia Spurek** (Verts/ALE), **Caroline Roose** (Verts/ALE), **Marie Toussaint** (Verts/ALE), **Sara Matthieu** (Verts/ALE), **Billy Kelleher** (Renew), **Alviina Alametsä** (Verts/ALE), **Manuela Ripa** (Verts/ALE), **Ernest Urtasun** (Verts/ALE), **Mick Wallace** (The Left), **Sabrina Pignedoli** (NI), **Clara Aguilera** (S&D), **Geert Bourgeois** (ECR), **Petros Kokkalis** (The Left), **Mario Furore** (NI), **Isabel Carvalhais** (S&D), **Chris MacManus** (The Left), **Chiara Gemma** (NI), **Laura Ferrara** (NI), **Fabio Massimo Castaldo** (NI), **Anja Hazekamp** (The Left), **Tiziana Beghin** (NI), **Dino Giarrusso** (NI), **Martin Buschmann** (NI), **Michal Wiezik** (PPE), **Dan-Ştefan Motreanu** (PPE), **Delara Burkhardt** (S&D), **Daniela Rondinelli** (NI), **Carmen Avram** (S&D), **Chrysoula Zacharopoulou** (Renew), **Saskia Bricmont** (Verts/ALE), **Andrey Kovatchev** (PPE), **Damien Carême** (Verts/ALE), **Ignazio Corrao** (Verts/ALE), **Brando Benifei** (S&D), **Pascal Durand** (Renew), **César Luena** (S&D), **Hilde Vautmans** (Renew), **Tanja Fajon** (S&D), **Manuel Bompard** (The Left), **Maria da Graça Carvalho** (PPE), **Christophe Grudler** (Renew), **Henna Virkkunen** (PPE), **Emmanouil Fragkos** (ECR), **Anne-Sophie Pelletier** (The Left), **Stéphane Séjourné** (Renew), **Ville Niinistö** (Verts/ALE)

Ábhar: Ollsléacht deilfeanna agus míolta móra in Oileáin Fharó agus ról údaráis na Danmhairge

Gach bliain tarlaíonn an t-ollsléacht deilfeanna agus míolta móra ar a dtugtar *grindadráp* in Oileáin Fharó. An 12 Meán Fómhair 2021, mar thoradh air seo, maraíodh níos mó ná 1 400 deilf bhánchliathánach. Is ionann sin agus ceann de na teagmhais aonair is mó d'ollmharú deilfeanna bánchliathánacha i stair thaifeadta an traidisiúin sin ar na hoileáin agus gníomh go háirithe iomarcach de dhrochíde d'ainmhithe.

Níl Oileáin Fharó faoi réir reachtaíocht AE ná faoi réir Choinbhinsiún Bern, cé go bhfuil roinnt comhaontuithe déthaobhacha á dteachtadh acu maidir le hiascach, trádáil agus comhar eolaíoch agus teicneolaíoch. Éascaíonn agus tacaíonn feidhmeannaigh na Danmhairge leis an sléacht bliantúil freisin, agus tá sé faoi réir reachtaíocht ábhartha AE lena n-áirítear an Treoir maidir le Gnáthóga, lena gcuirtear toirmeasc ar Bhallstáit ó gach cineál suaite, gabhála nó maraithe d'aon ghnó céiticeach.

1. An measann an Coimisiún go bhfuil an t-éascú a dhéanann an Danmhairg ar *grindadráp* ina shárú ar an reachtaíocht chomhshaoil ábhartha lena gcosnaítear céiticigh?

2. An rachaidh an Coimisiún i mbun gníomhaíocht iomchuí chun deireadh a chur leis an ollsléacht sin trí úsáid a bhaint as na huirlisí eacnamaíocha atá ar fáil dó?

3. An oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Coimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra chun deilfeanna bánchliathánacha agus píolótaigh a chosaint?